2023/2461

9.11.2023

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2461 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7 Samhain 2023**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/451 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le táirgí foirgníochta a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, úsáidfidh monaróirí na modhanna agus na critéir dá bhforáiltear sna caighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht táirgí foirgníochta a chumhdaítear leis na caighdeáin sin i ndáil lena mbuntréithe.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 5359 ón gCoimisiún ([2]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 le haghaidh fearais téimh spáis.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 5359, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 13240:2001, EN 13240:2001/A2:2004, EN 13240:2001/AC:2006 agus EN 13240:2001/A2:2004/AC:2007 – Téitheoirí seomra a ritheann ar bhreosla soladach – Ceanglais agus modhanna tástála; En 13229:2001, EN 13229:2001/A1:2003, EN 13229:2001/A2:2004, EN 13229:2001/AC:2006 agus EN 13229:2001/A2:2004/AC:2007 – Fearais ionsuite lena n-áirítear tinte oscailte ina ndóitear breoslaí soladacha – Ceanglais agus modhanna tástála; En 12815:2001, EN 12815:2001/A1:2004, EN 12815:2001/AC:2006 agus EN 12815:2001/A1:2004/AC:2007 – Cócaireáin chónaitheacha a ritheann ar bhreosla soladach – Ceanglais agus modhanna tástála; En 12809:2001, EN 12809:2001/A1:2004, EN 12809:2001/A1:2004/AC:2007 agus EN 12809:2001/AC:2006 – Coirí cónaitheacha neamhspleácha a ritheann ar bhreosla soladach – Aschur ainmniúil teasa suas le 50 kW agus EN 14785:2006 – Fearais chónaitheacha téimh spáis a ritheanna ar mhillíní adhmaid – Ceanglais agus modhanna tástála. Tá na tagairtí do na caighdeáin sin atá foilsithe i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(4) Mar thoradh ar an athbhreithniú ar na caighdeáin sin, glacadh caighdeáin chomhchuibhithe athbhreithnithe EN 16510-2-1:2022 – Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-1: Téitheoirí seomra, EN 16510-2-2:2022 – Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-2: Fearais ionsuite lena n-áirítear tinte oscailte, EN 16510-2-2:2022 – Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-3: Cócaireáin, EN 16510-2-4:2022 – Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-4: Coirí neamhspleácha – Aschur ainmniúil teasa suas le 50 kW agus EN 16510-2-6:2022 – Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-6: Téitheoirí seomra, fearais ionsuite agus cócairí arna soláthar go meicniúil le millíní adhmaid.

([1]) IO L 88, 4.4.2011, lch. 5.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 5359 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le fearais téimh spáis chun tacú le Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([3]) IO C 92, 9.3.2018, lch. 139.

(5) Áirítear sna caighdeáin athbhreithnithe modhanna tomhais le haghaidh astaíochtaí NOx, hidreacarbóin agus ábhair cháithnínigh le haghaidh fearais dóite breosla sholadaigh, sonraíochtaí maidir le fearais dóite breosla sholadaigh a aicmiú agus teorainneacha córais le haghaidh fearais atá seomra-shéalaithe, an éifeachtúlacht fuinnimh is infheidhme agus an lipéadú aicme fuinnimh agus éifeachtúlacht téimh spáis shéasúraigh agus buntréithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil. Leis na caighdeáin athbhreithnithe cuirtear ar a gcumas do na monaróirí na hastaíochtaí, an éifeachtúlacht fuinnimh agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil a dhearbhú agus, dá bhrí sin, rannchuidiú le bacainní teicniúla ar thrádáil a bhaint.

(6) Na caighdeáin chomhchuibhithe a rinne CEN a athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN chun féachaint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 5359 agus Rialachán (AE) Uimh. 305/2011.

(7) Na caighdeáin chomhchuibhithe arna n-athbhreithniú ag CEN, tá siad i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 5359 agus le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/451 ón gCoimisiún ([4]), liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 305/2011. Chun a áirithiú go liostaítear na tagairtí do na caighdeáin sin in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 16510-2-1:2022, EN 16510-2-2:2022, EN 16510-2-3:2022, EN 16510-2-4:2022 agus EN 16510-2-6:2022 a áireamh san Iarscríbhinn sin.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, tá tréimhse chómhaireachtála le sonrú maidir le gach caighdeán comhchuibhithe a ghlacann áit caighdeán comhchuibhithe eile.

(10) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/451 a leasú dá réir sin.

(11) Ionas go mbeidh na monaróirí in ann leas a bhaint as an gcaighdeán comhchuibhithe athbhreithnithe a luaithe is féidir, ba cheart an Cinneadh seo teacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/451 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/451 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le táirgí foirgníochta a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 077, 20.3.2019, lch. 80).

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | An tagairt don chaighdeán ar glacadh a áit | Tús na tréimhse cómhaireach-tála (ll.mm.bbbb.) | Deireadh na tréimhse cómhaireachtála (ll.mm.bbbb.) |
|---|---|---|---|---|
| '8. | EN 16510-2-1:2022<br>Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-1: Téitheoirí seomra | EN 13240:2001<br>Téitheoirí seomra a ritheann ar bhreosla soladach – Ceanglais agus modhanna tástála<br>EN 13240:2001/A2:2004<br>EN 13240:2001/AC:2006<br>EN 13240:2001/A2:2004/AC:2007 | 09.11.2023 | 09.11. 2025 |
| 9. | EN 16510-2-2:2022<br>Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-2: Fearais ionsuite lena n-áirítear tinte oscailte | EN 13229:2001<br>Fearais ionsuite lena n-áirítear tinte oscailte ina ndóitear breoslaí soladacha – Ceanglais agus modhanna tástála<br>EN 13229:2001/A1:2003<br>EN 13229:2001/A2:2004<br>EN 13229:2001/AC:2006<br>EN 13229:2001/A2:2004/AC:2007 | 09.11.2023 | 09.11. 2025 |
| 10. | EN 16510-2-3:2022<br>Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-3: Cócaireáin | EN 12815:2001<br>Cócaireáin tí a ritheann ar bhreosla soladach – Ceanglais agus modhanna tástála<br>EN 12815:2001/AC:2006<br>EN 12815:2001/A1:2004/AC:2007<br>EN 12815:2001/A1:2004 | 09.11.2023 | 09.11. 2025 |
| 11. | EN 16510-2-4:2022<br>Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-4: Coirí neamhspleácha – Aschur ainmniúil teasa suas le 50 kW | EN 12809:2001<br>Coirí cónaitheacha neamhspleácha a ritheann ar bhreosla soladach – Aschur ainmniúil teasa suas le 50 kW – Ceanglais agus modhanna tástála<br>EN 12809:2001/A1:2004<br>EN 12809:2001/A1:2004/AC:2007<br>EN 12809:2001/AC:2006 | 09.11.2023 | 09.11.2025 |
| 12. | EN 16510-2-6:2022<br>Fearais tí dóite breosla sholadaigh – Cuid 2-6: Téitheoirí seomra, fearais ionsuite agus cócairí arna soláthar go meicniúil le millíní adhmaid | EN 14785:2006<br>Fearais chónaitheacha téimh spáis a ritheann ar mhillíní adhmaid – Ceanglais agus modhanna tástála | 09.11. 2023 | 09.11.2025' |